**An cheist a tharchuirtear**

I bhfianaise phrionsabail na héifeachtachta agus na comhréireachta, an gcuireann Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13 (1) cosc ar léirmhíniú ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chásdlí náisiúnta ar dá réir a fhéadfaidh cúirt náisiúnta, ag cur san áireamh go háirithe oibleagáidí an tomhaltóra íocaíochtaí a shocrú le díoltóir nó le soláthraí nó staid mhaith airgeadais an díoltóra nó an tsoláthraí, iarratas an tomhaltóra ar bhearta eatramhacha a dhiúltú (an chaingean a chur faoi urrús) lena gcuirfí ar fionraí, le linn na n-imeachtaí, feidhmiú conartha, más dócha go ndearbhófar go bhfuil an conradh neamhbhailí de bharr go mbaineadh na téarmaí éagothroma as?

(1) Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagothroma i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Phortaingéil) a taisceadh an 3 Bealtaine 2022 – NOS-SGPS SA v Autoridade Tributária e Aduaneira

**(Cás C-290/22)**

(2022/C 318/34)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* NOS-SGPS SA

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**An cheist a tharchuirtear:**

An dtagann cuideachta sealbhaíochta atá bunaithe sa Phortaingéil agus a rialaítear le forálacha Fhoraithne-Dlí Uimh. 495/88 an 30 Nollaig 1988 (Decreto-Lei n.º 495/88), arb é an t-aon chuspóir atá aici ná scairshealbhaíochtaí i gcuideachtaí eile nach bhfuil san earnáil árachais a bhainistiú, faoin gcoincheap “institiúid airgeadais” de réir bhrí phointe 22 d’Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/AE (1) agus de réir bhrí phointe 26 d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013? (2)

(1) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Köln (an Ghearmáin) a taisceadh an 5 Bealtaine 2022 – A. T. U. Auto-Teile-Unger GmbH & Co. KG agus Carglass GmbH v FCA Italy SpA

**(Cás C-296/22)**

(2022/C 318/35)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Köln

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* A. T. U. Auto-Teile-Unger GmbH & Co. KG, Carglass GmbH

*Cosantóirí:* FCA Italy SpA